# 14 Ró-íocaíochtaí an liúntais cuardaitheora poist aois-choibhneasa

**14.1** Is íocaíocht de réir tástála acmhainne é an Liúntas Cuardaitheora Poist a íoctar le daoine dífhostaithe.  Le bheith incháilithe, caithfidh an duine, i measc coinníollacha cáilíochta eile, a bheith 18 mbliana d'aois ar a laghad agus faoi bhun 66 bliana d'aois. Riarann foireann na Roinne Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí (an Roinn) an Liúntas Cuardaitheora Poist ina gréasán d'ionaid Intreo agus a hoifigí brainse ar fud na tíre.

**14.2** Ó Aibreán 2009, tá ráta laghdaithe Liúntais Cuardaitheora Poist i bhfeidhm do dhaoine idir 18 agus 19 mbliana d'aois.  Leathnaíodh na rátaí laghdaithe aois-choibhneasa do dhaoine faoi 25 bliana d'aois in 2010 agus do dhaoine faoi bhun 26 bliana d'aois in 2014.  Tugadh éifeacht reachtach don leasú ar an Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 2005.

**14.3** Tá na rátaí Liúntais Cuardaitheora Poist is infheidhme ag deireadh Nollaig 2017 leagtha amach i Fíor 14.1 thíos.

**Fíor 14.1 Ráta liúntais cuardaitheora poist — deireadh mhí na Nollag 2017**

| Aois | Ráta pearsanta | Ráta cleithiúnaí aosaithe |
|---|---|---|
| 18 go 24 | €102.70 | €102.70 |
| 25 | €147.80 | €128.10 |
| 26 agus níos sine | €193.00 | €128.10 |

Foinse: An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí

**14.4** Is infheidhme eisceachtaí maidir le feidhmiú rátaí laghdaithe i gcás


- leanbh cleithiúnach a bheith ag an éilitheoir
- an t-éilitheoir a bheith ag aistriú go díreach ó liúntas míchumais go Liúntas Cuardaitheora Poist
- ina raibh éilitheoir idir 22-25 bliana d'aois ag fáil ráta ní b'airde roimh an 15 Eanáir 2014
- ina bhfuil an t-éileamh nasctha le hiar-éileamh Liúntais Cuardaitheora Poist a rinneadh sa 12 mhí roimhe sin agus a raibh an ráta pearsanta uasta infheidhme
- ina raibh an t-éilitheoir faoi chúram Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte i gcaitheamh an 12 mhí sular chas sé nó sí 18[1]
- ina nglacann éilitheoir faoi bhun 26 bliana d'aois ar an íocaíocht laghdaithe aois-choibhneasa páirt i gcúrsa oideachais, oiliúna nó i scéim tacaíochta fostaíochta.[2]

**14.5** Taispeánann sonraí ón bPríomh-Oifig Staidrimh go raibh titim mhór ó 2009 ar an líon daoine faoi bhun 25 bliana d'aois a fhaigheann Liúntas Cuardaitheora Poist (feic Fíor 14.2).

1 Ní infheidhme an eisceacht seo ach i gcás daoine idir 18 agus 24 bliana d'aois.  Ó 25 bliana d'aois ar aghaidh, is infheidhme an ráta aois-choibhneasa.

2 I gcásanna den sórt sin, beidh feidhm leis an ráta pearsanta íocaíochta cuí is infheidhme maidir leis an gcúrsa nó scéim.

**Fíor 14.2 Beo-Chlár faoi bhun 25 bliana d'aois, Deireadh Fómhair 2009 go Aibreán 2018**




Foinse: An Phríomh-Oifig Staidrimh[a]

Nóta: a Cuimsíonn tacar sonraí na Príomh-Oifige Staidrimh sonraí ar dhaoine faoi bhun 20 bliain d'aois, 20-24 bliana d'aois agus 25-34 bliana d'aois. Níl sonraí an aoisghrúpa 25-26 bliana d'aois sa chairt mar níl siad in-aitheanta ó shonraí na Príomh-Oifige Staidrimh.

### *Obair iniúchóireachta*

**14.6** Mar chuid den iniúchadh ar chuntas leithghabhála na Roinne 2017, rinneadh athbhreithniú ar ualach éilimh an Liúntais Cuardaitheora Poist amhail ar 3 Samhain 2017. Bhí 30,019 éilitheoir 18-25 bliana d'aois ag fáil an Liúntais Cuardaitheora Poist ar an dáta sin, 24,794 (83%) ar an ráta laghdaithe. Bhí an t-iarmhéid de 5,225 éileamh (17%) ag fáil an ráta pearsanta uasta €193 sa tseachtain.

**14.7** San iniúchadh rinneadh anailís ar chohórt na n-éilitheoirí atá ag fáil an ráta uasta chun a bhunú conas ar chomhlíon siad na critéir cháilíochta don íocaíocht sin agus chinn go raibh 4,739 i dteideal an ráta pearsanta uasta.

**14.8** As an 486 éileamh ar ráta pearsanta uasta eile (1.6% díobhsan faoi bhun 26), d'aontaigh an Roinn leis an iniúchadh nár chomhlíon na héilitheoirí na coinníollacha cáilíochta le haghaidh íocaíocht Liúntais Cuardaitheora Poist ag an ráta pearsanta uasta agus go raibh an méid mícheart á íoc leo.

**14.9** Meastar gurb é €1.2 milliún costas na n-íocaíochtaí iomarcacha seo don Roinn in 2017. Tá sé seo bunaithe ar an bhfad ama a bhí an t-éileamh á íoc in 2017.[1]

1 Ríomhadh san iniúchadh an ró-íocaíocht ó 1 Eanáir 2017 nó ó thús an éilimh cibé acu ba dhéanaí, go dáta deiridh an éilimh nó an 31 Nollaig 2017, de réir mar ba chuí.

## Conclúidí agus moladh

**14.10** Measadh nuair a scrúdaigh an t-iniúchadh na héilimh ar Liúntas Cuardaitheora Poist ag daoine idir 18 go 25 bliana d'aois nár íocadh 1.6% ag an ráta pearsanta aois-choibhneasa cuí. De thoradh air sin meastar go raibh €1.2 milliún d'íocaíochtaí os cionn teidlíochta in 2017.

**14.11** Ní raibh na rialuithe atá ann lena chinntiú go gcuirtear i bhfeidhm i gceart na rátaí pearsanta aois-choibhneasa ag feidhmiú go héifeachtach chun ró-íocaíochtaí a chosc.

### Moladh 14.1

Ba cheart don Roinn féachaint an bhféadfaí na rialacha a bhaineann leosan faoi 26 atá ag fáil Liúntas Cuardaitheora Poist a ríomhchlárú isteach i gcóras láimhseála na n-éileamh chun a chinntiú nach dtarlaíonn ró-íocaíochtaí. Idir an dá linn, ba cheart leibhéal níos mó de sheiceáil rialaithe cáilíochta a chur i bhfeidhm ar an gcatagóir íocaíochta seo. Ba cheart oiliúint a thabhairt don fhoireann chun a chinntiú go bhfuil siad ar fad ar an eolas faoi na rialacha agus rialacháin.

**Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta**

Aontaithe.

Tá an Roinn tiomanta d'íocaíochtaí cuardaitheora poist a bhogadh go feidhmiú samhla gnó bunaithe ar oibiachtaí (BOMi), ár n-ardán straitéiseach, chomh tapa agus is féidir. Bhí an tionscadal mór seo sceidealaithe do 2018 ach de bharr tiomantais bhuiséadacha agus eile rinneadh é a athsceidealú do 2019. Le forbairt an BOMi d'íocaíochtaí cuardaitheora poist cuirfear ar fáil an acmhainn tacaíochta le aghaidh cinntí a moladh.

Le héifeacht láithreach, tá ordú tugtha ag an Roinn nach ndéanfaidh ach beirt Oifigeach Breithiúnachta i ngach ionad Intreo cinneadh i gcásanna Liúntais Cuardaitheora Poist faoi 26.

Le héifeacht láithreach freisin, thug an Roinn ordú don bhainistíocht i ngach ionad Intreo sampláil 10% a dhéanamh ar na héilimh ar Liúntas Cuardaitheora Poist faoi 26 a bhronntar gach seachtain lena chinntiú go bhfuil na rátaí is iníoctha i ngach cás i gceart agus i gcomhréir le coinníollacha íocaíochta an Liúntais Cuardaitheora Poist sa chatagóir cliant sin. Anuas air sin, déanfaidh an tAonad Tacaíochta Réigiúnach monatóireacht ar an bpróiseas seo lena dhearbhú go bhfuil na seiceálacha á ndéanamh, go ndéantar aon earráidí a cheartú agus go dtéitear i ngleic le haon mhíthuiscintí nó le haon mhíchialla maidir leis na rialacha.

Tá athstruchtúrú á dhéanamh ag an Roinn ar ionaid Intreo i dtéarmaí oifigí tosaigh/cúloifigí. De réir mar théann an obair seo chun cinn, bogfar an fheidhm chinnteoireachta maidir le héilimh Liúntais Cuardaitheora Poist faoi 26 bliain d'aois go roinnt bheag cúloifigí. Cruthóidh sé seo líon teoranta d'ionaid saineolais ar cheart go bhfeabhsóidh siad cruinneas na gcinntí agus go gcumasóidh siad seachadadh níos éifeachtaí ar oiliúint leanúnach maidir leis an gcohórt seo d'éilitheoirí.

Aithníonn an Roinn gur cuid lárnach í an oiliúint den phróiseas rialaithe cáilíochta. Cuirfear oiliúint shonrach ar fáil do bheirt Oifigeach Breithiúnachta ainmnithe i ngach ionad Intreo agus do na hOifigigh Bhreithiúnachta sna cúloifigí ainmnithe de réir mar a théann an obair chun cinn.